



FOINSÍ AGUS RAON FEIDHME DHLÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Tá pearsantacht dhlítheanach ag an Aontas Eorpach agus dá réir sin tá a dhlíchóras féin aige atá éagsúil ón dlí idirnáisiúnta. Anuas air sin, tá éifeacht dhíreach nó indíreach ag dlí AE ar dhlíthe a mBallstát agus déantar cuid de dhlíchóras gach Ballstáit de. Is foinse dlí ann féin é an tAontas Eorpach. Is iondúil go roinntear an dlíchóras ina reachtaíocht phríomha (na Conarthaí agus prionsabail dhlíthiúla ghinearálta), reachtaíocht thánaisteach (bunaithe ar na Conarthaí) agus dlí forlíontach.

FOINSÍ AGUS ORDLATHAS DHLÍ AN AONTAIS

- an Conradh ar an Aontas Eorpach (CAE); an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); mar aon lena bprótacail (tá 37 bprótacal ann, 2 iarscríbhinn agus 65 dhearbhu atá i gceangal leis na conarthaí chun mionsonraí a thabhairt, gan bheith ionchorpraithe sa téacs dlí iomlán) [1.1.5](#);
- Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh [4.1.2](#)
- Tá an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) i bhfeidhm i gcónaí mar chonradh ar leith.
- Comhaontuithe idirnáisiúnta [5.2.1](#);
- Prionsabail ghinearálta de chuid dhlí an Aontais;
- Reachtaíocht thánaisteach.

Tá na Conarthaí agus na prionsabail ghinearálta ag barr an ordlathais, agus tugtar reachtaíocht phríomha orthu. Tar éis do Chonradh Liospóin teacht i bhfeidhm an 1 Nollaig 2009, tugadh an seasamh céanna freisin don Chairt um Chearta Bunúsacha. Tá comhaontuithe idirnáisiúnta arna gcur i gcrích ag an Aontas Eorpach ar chéim is ísle ná reachtaíocht phríomha. Tá reachtaíocht thánaisteach ar an gcéad leibhéal eile síos san ordlathas agus níl sí bailí ach amháin má tá sí comhsheasmhach leis na gníomhartha agus na comhaontuithe a bhfuil tosaíocht acu uirthi.

CUSPÓIRÍ

Dlíchóras a chruthú don Aontas chun na cuspóirí a shonraítear sna Conarthaí a ghnóthú.



FOINSÍ DLÍ DE CHUID AE

- A. Reachtaíocht phríomha an Aontais Eorpaigh [1.1.1](#), [1.1.2](#), [1.1.3](#), [1.1.4](#), [1.1.5](#), [4.1.2](#)
- B. Reachtaíocht thánaisteach an Aontais Eorpaigh
 - 1. Pointí ginearálta

Liostaítear gníomhartha dlí an Aontais in Airteagal 288 CFAE. Is rialacháin, teoracha, cinntí, moltaí agus tuairimí iad. Ní fhéadfaidh institiúidí AE gníomhartha dlí den chineál sin a ghlacadh ach amháin má thugtar de chumhacht dóibh déanamh amhlaidh leis na Conarthaí. Tá teorainneacha inniúlachtaí Aontais faoi réir ag prionsabal na tabhartha, ar prionsabal é a chumhdaítear in Airteagal 5(1) CAE. Sainítear le CFAE scóip inniúlachtaí Aontais, agus déantar iad a roinnt ina dtrí chatagóir: inniúlachtaí eisiacha (Airteagal 3), inniúlachtaí roinnte (Airteagal 4) agus inniúlachtaí tacaíochta (Airteagal 6), trína nglacann AE bearta chun tacú le beartais Ballstát nó iad a chomhlánú. Liostaítear in Airteagail 3, 4 agus 6 CFAE na réimsí a thagann faoi gach catagóir d'inniúlacht Aontais. In éagmais na gcumhachtaí atá riachtanach chun ceann amháin de na cuspóirí a leagtar amach sna Conarthaí a ghnóthú, féadfaidh na hinstiúidí forálacha Airteagal 352 CFAE a chur i bhfeidhm, agus ar an tslí sin 'bearta iomchuí' a ghlacadh.

Is iad na hionstraimí dlí a liostaítear in Airteagal 288 CFAE amháin a ghlacann na hinstiúidí. Is iad na heisceachtaí amháin atá ann ná na comhbheartais eachtracha, slándála agus cosanta, áit a bhfuil feidhm ag an modh idir-rialtasach i gcónaí. Sa réimse sin, tá 'treoirínte ginearálta' agus 'cinntí lena saineofar' gníomhaíochtaí atá le cur i gcrích agus seasaimh atá le glacadh ag an Aontas, mar aon le socrúithe maidir leis na cinntí sin a chur chun feidhme, curtha in ionad comhstraitéisí, comhghníomhaíochtaí agus comhsheasamh (Airteagal 25 CAE).

Anuas air sin, tá cineálacha éagsúla gníomhaíochta ann, amhail moltaí, teachtaireachtaí agus gníomhartha a bhaineann le heagrú agus reáchtáil na n-institiúidí (lena n-áirítear comhaontuithe idirinstiúideacha), a n-eascraíonn a n-ainmniúchán, a struchtúr agus a n-éifeachtaí dlí ó fhorálacha éagsúla sna Conarthaí nó ó na rialacha a glacadh de bhun na gConarthaí.

2. Ordthas reachtaíocht thánaisteach AE

Le hAirteagail 289, 290 agus 291 CFAE, bunaítear ordthas na reachtaíochta tánaistí idir gníomhartha reachtacha, gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme. Is ionann gníomhartha reachtacha agus gníomhartha dlí a ghlactar tríd an ngnáthnós imeachta reachtach nó trí nós imeachta reachtach speisialta. Is ionann gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a fhorlíonann nó a leasaíonn gnéithe neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach. Féadfaidh an reachtóir (an Pharlaimint agus an Chomhairle) an chumhacht chun na gníomhartha sin a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún. Sainítear cuspóirí, inneachar, raon feidhme agus ré tharmligean na cumhachta sa ghníomh reachtach, chomh maith le haon nós imeachta práinneach, más infheidhme. Anuas air sin, leagann an reachtóir síos na coinníollacha a bhfuil an tarmligean faoina



réir. D'fhéadfadh sé gurb iad sin an t-údarás chun tarmligean a chúlghairm nó an ceart chun agóid a chur in iúl.

Is é an Coimisiún a ghlacann gníomhartha cur chun feidhme go hiondúil, a bhfuil an inniúlacht aige déanamh amhlaidh i gcásanna inar gá coinníollacha aonfhoirmeacha chun gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí de a chur chun feidhme. Ní ceist don Chomhairle iad na gníomhartha cur chun feidhme ach amháin i gcásanna sonracha a bhfuil údar cuí leo agus i réimsí a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála. I gcás ina ndéantar bunghníomh a ghlacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle, in am ar bith, a léiriú don Choimisiún gurb é a dtuairim go dtéann dréachtghníomh cur chun feidhme thar na cumhachtaí cur chun feidhme dá bhforáiltear sa bhunghníomh. Sa chás sin, ní mór don Choimisiún an dréachtghníomh atá i gceist a athbhreithniú.

3. Cineálacha éagsúla reachtaíochta tánaistí AE

a. Rialacháin

Tá feidhm ghinearálta ag rialacháin, agus iad ceangailteach go huile agus go hiomlán agus infheidhmithe go díreach. Ní mór dóibh siúd lena mbaineann na rialacháin (daoine príobháideacha, Ballstáit, institiúidí an Aontais) iad a chomhlíonadh go hiomlán. Tá Rialacháin infheidhmithe go díreach i ngach ceann de na Ballstáit a luaithe a thagann siad i bhfeidhm (ar an dáta atá sonraithe nó, ina éagmais sin, ar an bhfichiú lá i ndiaidh a bhfoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh) agus ní gá iad a thrasú sa dlí náisiúnta.

Ceaptar iad chun feidhmiú aonfhoirmeach dhlí an Aontais i ngach ceann de na Ballstáit a áirithiú. Gabhann rialacháin ionad dlíthe náisiúnta sa chás nach bhfuil na dlíthe náisiúnta sin ag luí le forálacha substainteacha na rialachán.

b. Treoracha

Tá treoracha ceangailteach, maidir leis an toradh atá le baint amach, ar aon cheann nó ar gach ceann de na Ballstáit a bhfuil siad dírithe chucu, ach fágtar faoi na húdaráis náisiúnta é foirm agus modhanna a roghnú. Ní mór do reachtóirí náisiúnta gníomh trasuímh nó 'beart náisiúnta cur chun feidhme' a ghlacadh chun treoracha a thrasú agus an dlí náisiúnta a thabhairt i gcomhréir lena gcuspóirí. Ní dhéanann an gníomh dlí cearta a thabhairt do shaoránaigh aonair nó ceangal a chur orthu ach amháin nuair a bheidh an gníomh trasuímh glactha. Agus iad ag trasú treoracha, tugtar méid áirithe dá gcomhairle féin do na Ballstáit chun imthosca sonracha náisiúnta a chur san áireamh. Ní mór an trasú a bheith curtha i gcrích laistigh den tréimhse a leagtar síos sa treoir. Trí threoracha a thrasú, tugann Ballstáit ráthaíocht i dtaca le héifeachtacht dhlí AE, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis arna bhunú le hAirteagal 4(3) CAE.

I bprionsabal, níl treoracha infheidhmithe go díreach. Mar sin féin, tá rialú tugtha ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhféadfadh éifeachtaí díreacha i mBallstáit a bheith ag forálacha áirithe treorach, ar bhonn eisceachtúil, fiú sa chás nach bhfuil gníomh trasuímh glactha fós ag an mBallstát sin, más rud é: (a) nach bhfuil an treoir trasuite sa dlí náisiúnta nó gur trasuódh go mícheart í; (b) go bhfuil forálacha na treorach riachtanach agus soiléir agus beacht go leor; agus (c) go dtugann forálacha na treorach cearta do dhaoine aonair.



Má chomhlíontar na coinníollacha sin, féadfaidh daoine aonair an fhoráil atá i gceist a agairt agus iad ag plé leis na húdaráis phoiblí. Fiú nuair nach dtugtar ceart ar bith do dhuine aonair de bharr na forála, agus nach bhfuil comhlíonta ach an chéad agus an dara coinníoll, tá sé de cheangal ar údaráis na mBallstát an treoir nach bhfuil trasuite a chur san áireamh. Tá an rialú sin bunaithe go príomha ar phrionsabal na héifeachtachta, ar sháruithe Conarthaí a chosc agus ar chosaint dhlíthiúil. Ar an taobh eile de, ní cheadaítear do dhuine aonair dul ar iontaoibh éifeacht dhíreach treorach nach bhfuil trasuite agus iad ag déileáil le daoine aonair eile (an ‘éifeacht chothrománach’; Cás Faccini Dori C-91/92, ECR, I. ch. I-3325 et seq., pointe 25).

De réir chásdlí na Cúirte (cás Francovich, cásanna uamtha C-6/90 agus C-9/90), tá saoránach aonair i dteideal cúiteamh a iarraidh ar Bhallstát nach bhfuil ag comhlíonadh dhlí an Aontais. D’fhéadfadh sé sin tarlú i gcás treoir nach bhfuil trasuite nó nach bhfuil trasuite go leormhaith, más rud é: (a) go bhfuil sé beartaithe leis an treoir cearta a thabhairt do dhaoine aonair; (b) gur féidir inneachar na gcearta a aithint ar bhonn fhorálacha na treorach; agus (c) go bhfuil nasc cúisíoch idir an sárú ar an oibleagáid maidir leis an treoir a thrasú agus an caillteanas agus an damáiste a d’fhulaing na páirtithe díobháilte. Ní gá a thaispeáint ansin gur ar an mBallstát atá an locht chun dliteanas a chruthú.

c. Cinntí, moltaí agus tuairimí

Tá cinntí ceangailteach ina n-iomláine. Sa chás go sonraítear sna cinntí cé chuige a bhfuil siad dírithe (Ballstáit, daoine nádúrtha nó dlítheanacha), is orthu sin amháin atá siad ceangailteach, agus tugann siad aghaidh ar staideanna atá sonrath do na Ballstáit nó na daoine sin. Ní fhéadfaidh duine aonair na cearta a thugtar le cinneadh atá dírithe chuig Ballstát a agairt ach amháin sa chás go bhfuil gníomh trasuimh glactha ag an mBallstát sin. D’fhéadfadh cinntí a bheith infheidhmithe go díreach ar an mbunús céanna le treoracha.

Ní thugann moltaí ná tuairimí aon chearta dóibh siúd a bhfuil siad dírithe chucu, ná ní chuireann siad aon oibleagáid orthu, ach d’fhéadfaidís treoir a thabhairt maidir le léirmhíniú agus inneachar dhlí an Aontais.

4. Forálacha i dtaca le hinniúlachtaí, nósanna imeachta, cur chun feidhme agus forfheidhmiú gníomhartha reachtacha

a. Inniúlacht reachtach, ceart tionscnaimh agus nósanna imeachta reachtacha: [1.3.2](#), [1.3.6](#), [1.3.8](#) agus [1.2.3](#)

Gabhann an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún páirt i nglacadh reachtaíocht an Aontais ag céimeanna éagsúla, ag brath ar an mbunús dlí ar leith. Is féidir leis an bParlaimint a iarraidh ar an gCoimisiún tograí reachtacha a thíolacadh di féin agus don Chomhairle.

b. Cur chun feidhme reachtaíocht Aontais

Níl ag AE ach cumhachtaí teoranta forfheidhmithe faoin dlí príomhúil, mar gurb iondúil gurb iad na Ballstáit a chuireann dlí AE i bhfeidhm. Anuas air sin, foráiltear le hAirteagal 291(1) CFAE go nglactaídh ‘na Ballstáit gach beart dlí náisiúnta is gá chun gníomhartha Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun feidhme’. Nuair is gá coinníollacha comhionanna chun gníomhartha Aontais atá ceangailteach ó thaobh



dlí a chur chun feidhme, feidhmíonn an Coimisiún a chumhachtaí cur chun feidhme (Airteagal 291(2) CFAE).

c. Rogha an chineáil gnímh reachtaigh

Is iondúil go leagtar síos sna Conarthaí an cineál gnímh reachtaigh atá le glacadh. Is minic, áfach, nach sonraítear aon chineál gnímh reachtaigh. Sna cásanna sin, sonraítear in Airteagal 296(1) CFAE nach mór do na hinstiúidí é a roghnú de réir an cháis, agus ‘na nósanna imeachta is infheidhme agus prionsabal na comhréireachta á gcomhlíonadh’.

C. Prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus cearta bunúsacha

Is beag tagairt a dhéanann na Conarthaí do na prionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais. Forbraíodh na prionsabail sin den chuid is mó i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (deimhneacht dhlíthiúil, cothromaíocht institiúideach, ionchas dlísteanaigh, etc.), arb é sin an bunús fosta le cearta bunúsacha a aithint mar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais. Tá na prionsabail sin cumhdaithe anois in Airteagal 6(3) CAE, a ndéantar tagairt ann do na cearta bunúsacha mar atá siad ráthaithe leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus mar a thig siad as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit agus as Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (4.1.2).

D. Comhaontuithe idirnáisiúnta arna gcur i gcrích ag an Aontas Eorpach

Féadfaidh an tAontas, laistigh dá réimse inniúlachta, comhaontuithe idirnáisiúnta a chur i gcrích le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta (Airteagal 216(1) CFAE). Tá na comhaontuithe sin ceangailteach ar an Aontas agus ar na Ballstáit, agus is cuid dhílis de dhlí an Aontais iad (Airteagal 216(2) CFAE).

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Faoi Airteagal 14(1) CAE: ‘Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, i gcomhpháirt leis an gComhairle, feidhmeanna reachtacha (tríd an ‘ngnáthnós imeachta reachtach’) agus buiséadacha (trí nós imeachta reachtach speisialta faoi Airteagal 314 CFAE) a fheidhmiú’. Táthar ag iarraidh sa Pharlaimint an próiseas reachtach a shimpliú, feabhas a chur ar chaighdeán dréachtaithe téacsanna dlíthiúla, agus a áirithiú go ndéanfar pionóis níos éifeachtaí a ghearradh ar Bhallstáit nach gcomhlíonann dlí an Aontais. I gClár Oibre agus Reachtach Bliantúil an Choimisiúin, leagtar amach mórthosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin agus saináithnítear gníomhaíochtaí nithiúla reachtacha nó neamhreachtacha a dhéanann bearta oibríochta de na tosaíochtaí sin. Tá ról dílis ag an bParlaimint i dtaca le dlíthe nua a chruthú, os rud é go scrúdaíonn sí Clár Oibre Bliantúil an Choimisiúin agus go gcuireann sí in iúl cé acu de na dlíthe ar mian léi go dtabharfaí isteach iad.

Agus pearsantacht dhlítheanach bainte amach aige, is féidir leis an Aontas comhaontuithe idirnáisiúnta a chur i gcrích anois (Airteagal 218 CFAE). Ní mór toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa do chomhaontú ar bith a chuirtear i gcrích i réimse an chomhbheartais tráchtála agus i ngach réimse a dtagann a mbeartais faoin ngnáthnós imeachta reachtach (Airteagal 218(6) (a) CFAE). Léiríodh cheana nach bhfuil drogall ar



an bParlaimint rudaí a chrosadh má bhíonn inní thromchúiseach orthu. Mar shampla, dhiúltaigh siad an [Comhaontú Trádála um Fhrith-Ghóchumadh](#) (CTFG) in 2012.

Udo Bux
01/2020

